

DUAIS PORTRÁIDE DO DHAOINE ÓGA AIB, 2025

CEISTEANNA COITIANTA

Cad is portráid ann?

Is léiriú é portráid de dhuine, déanta as ábhar ar bith. Mar shampla, péintéireacht, líníocht, colláis, grianghraf, dealbhóireacht, fuaime nó físeáin.

Cé mhéad iontráil is féidir liom a chur isteach?

Tá iontráil teoranta do phortráid amháin in aghaidh an ealaíontóra.

An féidir liom portráid a rinne mé cúpla bliain ó shin a chur isteach?

Ní féidir, ní féidir leat ach portráid a rinne tú le 12 mhí anuas a chur isteach.

An féidir liom portráid a chuir mé isteach anuraidh a chur isteach arís?

Ní féidir, ní mór do phortráid a bheith déanta laistigh de na 12 mhí dheireanacha.

Má tá duais eile buaite ag mo phortráid, an féidir liom í a chur isteach?

Tá cead.

An gcaithfidh mé a bheith as Éirinn chun portráid a chur isteach?

Tá fáilte roimh iontrálacha ó aon duine idir 0-18 bliain a bhfuil gnáthchónaí orthu i bPoblacht na hÉireann nó i dTuaisceart Éireann.

Má chruthaigh mé mo phortráid mar choimisiún, an bhfuil sé incháilithe?
Is éard is coimisiún ann ná saothar ealaíne a dhéantar mar mhalairt ar shuim airgid a íocann duine aonair nó institiúid.

Ní ghlacfar le portráidí atá coimisiúnaithe.

An bhfuil aon srianta méide ann?

Caithfidh an phortráid a bheith de mhéid agus de mheán nach gcuireann bac ar a taispeáint sa Ghailearaí. Tá sé de cheart ag an nGailearaí saothair ealaíne nach féidir a thaispeáint go réasúnta mar gheall ar a meán nó a méid a eisiamh. Ní mór toisí a sholáthar san fhoirm iontrála ar líne.

An bhfuil srian meáchain ann?

Tá. Is é 40kg an meáchan uasta.

Cén portráid is féidir liom a chur isteach?

Ní mór gur de dhuine éigin a bhfuil aithne agat air a bheadh sa phortráid.

An féidir liom féinphortráid a chur isteach?

Tá cead.

An féidir liom portráid de mo pheata a chur isteach?

Tá fáilte romhat do pheata nó aon ainmhí a chur san íomhá fad is gur duine an príomhábhar sa phortráid.

An féidir liom portráid d'fhigiúr ficseanúil/ samhlaíoch a chur isteach?

Níl cead. Ní féidir ach le duine fíor a bhfuil aithne agat go pearsanta air (mar shampla, ball teaghlaigh, cara, múinteoir) a bheith ina ábhar do do phortráid. Is féidir leat do phortráid a léiriú chomh samhlaíoch agus is mian leat, áfach.

An féidir liom portráid de dhuine a bhfuil aithne agam air atá marbh a chur isteach?

Is féidir leat portráid a chur isteach de dhuine a bhfuil aithne agat air a bhí beo nuair a rinneadh an phortráid.

An féidir liom diptic/triptic a chur isteach?

Tá cead. Is íomhá í diptic a chruthaítear ar dhá dhromchla réidh a nasctar le hinse de ghnáth. Is íomhá í triptic a chruthaítear ar thrí dhromchla réidh a nasctar le hinse de ghnáth.

An féidir liom cur isteach ar an gcomórtas trí mo scoil?

Tá cead. Is féidir leat cur isteach trí do scoil ach déanfar gach aighneacht a mheas ar bhonn aonair.

Cad iad na hábhair is féidir liom a úsáid?

Glacfar le saothair in aon ábhar (lena n-áirítear péintéireacht, líníocht, colláis, grianghrafadóireacht, físeáin, fuaim, prionta, teicstílí, criadóireacht, dealbhóireacht srl.). Caithfidh na hábhair a úsáideann tú do do phortráid a bheith domheata; gan bianna m.sh. pasta, rís, bláthanna.

An gá toiliú an té i do phortráid a bheith agat?

Tá. Is éard is suiteoir ann ná duine a shuíonn le haghaidh portráid. Caithfidh na hiontrálaithe a n-éiríonn leo an gearrliosta toiliú a thabhairt ón té i do phortráid. Síniú an té a bheidh anseo ar fhoirm a sheolfaidh an Gailearaí chuig na hiontrálaithe ar an ngearrliosta. Má tá an té 16 bliana d'aois nó níos lú (nó mura féidir leis toiliú ar a shon féin ar shlí eile) ní mór don iontrálaí ar an ngearrliosta toiliú tuismitheora/chaomhnóra an té a bheidh ar an ngearrliosta a sholáthar.

Má tá duais buaite agam cheana féin ag Duais Bhliantúil Portráidí na nÓg an Ghailearaí Náisiúnta, an féidir liom cur isteach arís?

Tá cead. Má tá duais buaite agat cheana féin ag Duais Bliantúil Portráidí na nÓg Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, is féidir leat cur isteach arís le portráid nua.

PRÓISEAS IONTRÁLA

Cá bhfaighidh mé an fhoirm iontrála?

Ar shuíomh gréasáin Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann **anseo**

Cad a dhéanfaidh tú le m'eolas pearsanta?

Coinneoidh an Gailearaí agus ár bpróiseálaí sonraí Submit na sonraí pearsanta go léir a thugtar go slán agus úsáidfear iad chun d'iontráil a riar. Is féidir é a úsáid chun críocha taighde/staitistice inmheánaigh agus fiosrúcháin ó na meáin. Roinnfear do shonraí lenár n-ionad comhpháirtíochta freisin.

An féidir liom m'iarratas a sheoladh tríd an bpost?

Ní féidir.

Cad iad na ceanglais maidir leis na híomhánna a chuirim isteach?

Ní mór don íomhá a chuireann tú isteach a bheith ina [híomhá shoiléir de do phortráid amháin](#). Ní mór é a shábháil mar [fhormáid JPEG](#). Caithfidh méid an chomhaid a bheith 300DPI agus gan a bheith níos mó ná [3MB](#).

Conas is féidir liom portráid físe a chur isteach?

Roinn d'fhíseán tríd an tairseach iarratais ar líne agus úsáid d'ainm féin mar theideal an chomhaid atá á roinnt agat.

Conas is féidir liom portráid fuaime a chur isteach?

Cuir isteach comhad MP3 nó WAV tríd an tairseach iarratais ar líne agus úsáid d'ainm féin mar theideal an chomhaid atá á roinnt agat.

AMLÍNE AN CHOMÓRTAIS

Cathain atá an dáta deiridh?

Is é **10 i.n. (MAG) an 4 Iúil 2025** an dáta deiridh a ghlacfar le hiarratais.

Ní bhreithneofar aon iarratas a chuirtear isteach tar éis an dáta agus an ama sin.

Cathain a tharlaíonn an breithiúnas?

Déanfaidh an painéal moltóirí a rogha tosaigh go déanach i mí Iúil 2025.

Conas a oibríonn próiseas na moltóireachta?

1. Féachfaidh painéal moltóirí ar na híomhánna digiteacha/comhaid go léir de phortráidí a iontráladh go rathúil.
2. Ó na hiontrálacha seo, déanfaidh na moltóirí liosta fada a tharraingt suas don dara babhta moltóireachta.
3. Ón bhfadliosta sin, roghnóidh siad an gearrliosta deiridh a bheidh ar taispeántas sa Ghailearaí ar an 8ú Samhain 2025.
4. Roghnóidh siad ansin an buaiteoir foriomlán agus buaiteoirí na catagóire aoise, tar éis dóibh na saothair ealaíne sa Ghailearaí a scrúdú.

Cathain a chloisfidh mé an bhfuil mo phortráid ar an ngearrliosta don taispeántas?

Cuirfear in iúl duit trí ríomhphost go luath i mí Lúnasa 2025.

An gcuirfear ar an eolas mé mura mbeidh mé ar an ngearrliosta?

Sea. Cuirfear in iúl duit trí ríomhphost go luath i Lúnasa 2025. Tá cinntí na mbreithiúna críochnaitheach agus ceangailteach agus ní dhéanfar aon chomhfhreagras maidir le cinntí den sórt sin.

Má cuireadh mo shaothar ar an ngearrliosta cathain a chaithfidh mé é a sheachadadh chuig an nGailearaí?

Ní mór gach portráid ar an ngearrliosta a sheachadadh chuig an nGailearaí trí choinne a dhéanamh idir Déardaoin an 21 Lúnasa agus Dé hAoine an 22 Lúnasa 2025. **Féadfaidh na dátaí go léir a athrú.**

Cathain a osclaítear an taispeántas?

Osclófar an taispeántas de phortráidí ar an ngearrliosta sa Ghailearaí ar an 8 Samhain 2025.

Cathain a bhíonn searmanas bronnta na nduaiseanna?

Beidh searmanas bronnta na nduaiseanna ar siúl sa Ghailearaí ar an 25 Samhain 2025. Féadfaidh na dátaí go léir athrú.

Cathain a dhúnann an taispeántas?

Dúnfar taispeántas na bportráidí ar an ngearrliosta sa Ghailearaí ar an 15 Márta 2026. Tar éis an taispeántais sa Ghailearaí, féadfaidh na saothair ealaíne taisteal chuig ionad comhpháirtíochta, áit a dtaispeánfar iad ar dhátaí atá le deimhniú fós.

Is comórtas ionchuimsitheach ealaíne é Duais Portráide do Dhaoine Óga AIB atá oscailte do leanaí agus do dhaoine óga de gach cumas ar fud oileán na hÉireann.

Gluais téarmaí:

Portráid: léiriú de dhuine déanta as ábhar ar bith, mar shampla, pictiúr, líníocht, colláis, grianghraf, dealbhóireacht, fuaim nó físeán.

Iontrálaí: duine a théann isteach i rud éigin nó a ghlacann páirt.

Suiteoir: duine a shuíonn le haghaidh portráid.

Toiliú: cead go dtarlódh rud éigin nó comhaontú chun rud éigin a dhéanamh.

Diptic: íomhá a chruthaítear ar dhá dhromchla réidh, ceangailte le hinsí de ghnáth.

Triptic: íomhá a chruthaítear ar thrí dhromchla réidh, ceangailte le hinsí de ghnáth.

Ábhar: aon rud a úsáideann tú chun do phortráid a dhéanamh (mar shampla, péint, dúch, crián, colláis, peann luaidhe, sreang, adhmad)

2T: dromchla déthoiseach (mar shampla, bileog pháipéir, cárta nó adhmaid, canbhás rite)

3T: réad tríthoiseach (mar shampla, dealbh déanta as ábhar mar adhmad, sreang, cruach)

Fístéip: taifeadadh íomhánna gluaisteacha a dhéantar go digiteach nó ar fhístéip.

Fuaim: fuaim a thaifeadtar, a tharchuirtear nó a atáirgetar.

MB: Meigibheart. Is iomaí aonad é seo le haghaidh faisnéise digiteach. Déantar méid íomhá digiteach a thomhas i mbearta.

PSO: Poncanna san orlach. Tomhas taifeach a úsáidtear le haghaidh téacs nó íomhánna clóite; ciallaíonn níos mó poncanna san orlach, taifeach níos airde.
